



**An Phríomh-Oifig Staidrimh**  
Central Statistics Office

**census**  
**2011** APRIL  
**10**  
**MAKE YOUR MARK**

## **Preas Ráiteas** **Press Statement**

### **Réamhthorthaí ó Dhaonáireamh 2011**

Foilsíodh inniu na chéad torthaí ón daonáireamh, a tógadh 12 seachtain ó shoin, agus taispeánann siad go bhfuil daonra na hÉireann ag fás go láidir, go príomhúil mar gheall ar líon ard na mbreitheanna.

Taispeánann na torthaí a foilsíodh inniu athruithe daonra do cheantair gheografacha ina measc contaetha, dáilcheantair síos chomh fada le toghrana. “Tá an t-eolas ar fáil do 3,440 ceantair. Is féidir le daoine dul chuig suíomh idirlíon na POS ag [www.cso.ie/census](http://www.cso.ie/census) agus na torthaí dá gceantar féin a fheiceáil”, a deir Shaun McLaughlin, Staitisteoir leis an bPOS.

Faoi láthair níl ar fáil ach iomláin an chomhaireamh cinn do fhireannaigh agus do bhaineannaigh. Tá tús curtha leis an scanáil agus leis an bpróiseáil ar dhá mhilliún foirm dhaonáirimh agus beidh na chéad torthaí cinntitheacha ar fáil i mí an Mhárta seo chugainn, taobh istigh de bhliain ó lá an daonáirimh.

Mhínigh an tUasal McLaughlin “Tá na torthaí luatha seo bunaithe ar an gcomhaireamh achoimre do gach ceantar áirimh a chuir na 4,854 áiritheoirí le chéile. Cuireadh na hachoirí cléireachais ar ais chuig an bPOS roimh na foirmeacha daonáirimh agus tá na torthaí atá foilsithe inniu bunaithe ar an eolas sin. Rinne na háiritheoirí sár obair leis na hachoirí a chur ar ais chugainn, rud a thug deis dúinn na torthaí luatha seo maidir leis an daonáireamh a ullmhú. Ba mhaith linn ár mbuíochas a chur in iúl don fhoireann ar fad sna ceantair as an obair chrua ar fad a rinneadar agus as a mbuanseasamh le linn na hoiubre a cuireadh i gcrích sna ceantair”.

“Tá sé an-tábhachtach dúinn torthaí luatha a chur ar fáil ionas gur féidir le pobal na hÉireann ceangal a dhéanamh idir an fhoirm a chomhlánaigh siad cúpla mí gairid ó shoin agus na staitisticí tábhachtacha atá ar fáil dá bharr”, a dúirt sé.

#### **Fás láidir sa Daonra**

4,581,269 an daonra iomlán a cuireadh san áireamh oíche an daonáirimh 10 Aibreán, méadú de 341,421 ar dhaonáireamh 2006. Is ionann seo agus ardú de 8.1 faoin gcéad le cúig bliana anuas, nó meán bliantúil de 1.6 faoin gcéad, i gcomparáid le 2.0 faoin gcéad sa bhliain sa thréimhse 2002-2006.

#### **Daonra Laoise méadaithe faoi**

Bhí éagsúlachtaí móra san athrú daonra ar fud na tíre leis an gcéatadán athraithe is airde i gContae Laoise (20.0%), níos mó ná dá oiread an ráta don Stát ina iomlán. Contaetha eile a léirigh fás láidir daonra iad Co an Chabháin (13.9%), Co Fhine Ghall (13.8%), Longfort (13.3%), Co na Mí (13.0%) agus Co Chill Dara (12.7%).

Mar a tharla sa thréimhse 2002-2006, b'iad Cathair Chorcaí agus Cathair Luimní an t-aon dá chontae den tríocha ceathair chontae riaracháin sa Stát a léirigh titim sa daonra sa thréimhse 2006-2011.

Tuilleadh/...

Information Section  
Central Statistics Office, Skehard Road, Cork

Tel 021 453 5000 Fax 021 453 5555  
01 498 4000 Website [www.cso.ie](http://www.cso.ie)  
LoCall 1890 313 414 E-mail [information@cso.ie](mailto:information@cso.ie)

Roinn Eolas  
An Phríomh-Oifig Staidrimh, Bóthar na Sceiche Airde, Corcaigh

Teil 021 453 5000 Faics 021 453 5555  
01 498 4000 Suíomh Gréasáin [www.cso.ie](http://www.cso.ie)  
GlaóÁitúil 1890 313 414 Ríomh-phost [information@cso.ie](mailto:information@cso.ie)

## **Méadú nádúrtha dearfach i ngach contae**

Bhí méadú nádúrtha dearfach ar an daonra i ngach contae (breitheanna lúide básanna) sa thréimhse idirdhaonáirimh 2006-2011, leis na rátaí ab airde i bhFine Gall, Átha Cliath Theas, Cill Dara agus sa Mhí. B'iad contaetha Cathair Chorcaí, Ros Comáin agus Maigh Eo na contaetha leis na rátaí ab ísle.

### **Imirce**

Lean an inimirce ghlan, ag 118,650 thar an tréimhse 2006-2011 nó meán de 23,730 sa bhliain. Ach, cé go raibh inimirce ghlan láidir in Éirinn sna blianta tosaigh den tréimhse, tháinig athrú ar seo go dtí eisimirce ghlan sna blianta deiridh, rud a thug meán ráta bliantúil don inimirce de níos lú ná an leath den ráta a chonaic muid sa thréimhse 2002-2006.

Bhí leibhéal éigin den inimirce ghlan i ngach contae seachas i mBaile Átha Cliath Theas agus sa cheithre chathair cúigeach Corcaigh, Gaillimh, Luimneach agus Port Láirge, le héagsúlacht ó ardpointe de 23.8 do gach míle i Laois go dtí an eisimirce ghlan ab airde de 17.2 do gach míle i gCathair Luimní.

### **Baile Brigín Tuaithe an Toghroinn is tapúla fáis**

Ag leibhéal Toghroinne bhí an méadú ab airde sa daonra idirdhaonáirimh le feiceáil i mBaile Brigín Tuaithe i bhFine Gall – suas 5,531 go 15,146 san Aibreán 2011, ina dhiaidh sin bhí Leamhcán-An Eiscir (+3,998) i mBaile Átha Cliath Theas agus Gleann Cuillinn (+3,939) i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin.

Bhí an méadú ab airde sa daonra le feiceáil i ndáilcheantair Bhaile Átha Cliath Thuaidh; a chlúdaíonn Baile Brigín, Domhnac Bat, Lusca, An Ros, na Sceirí, Mullach Íde agus páirteanna de Sord ag 16.1%.

### **Níos mó bainearnaigh ná fireannaigh**

Malairt scéala ó mar a bhí sa bhliain 2006, nuair a bhí beagainín níos mó fireannaigh ná bainearnaigh ann, tá níos mó bainearnaigh ná fireannaigh anois sa tír le 981 fireannaigh do gach 1,000 bainearnaigh. Ar bhonn réigiúnda, léirigh Baile Átha Cliath an cóimheas ab ísle gan ach 949 fireannaigh do gach 1000 bainearnaigh, b'é an ceantar Lár Tíre an t-aon réigiún a léirigh níos mó fireannaigh ná bainearnaigh le 1002 do gach 1000.

### **Áitribh chónaithe folamha**

Tá ardú de 10.5% tagtha ar líon na n-áitreabh chónaithe atá folamh, cé go bhfuil rátaí folúntais tithe beagainín ó 15.0% go 14.7% mar gheall ar ardú 13.3% i líon iomlán na n-áitreabh chónaithe.

### **Cóipeanna den fhoilseachán:**

Le breathnú ar an bhfoilseachán nó len é a íoslódáil téigh chuig suíomh idirlín na POS ag [www.cso.ie/census](http://www.cso.ie/census)

Tá tuilleadh eolais ar fáil ó:

Shaun McLaughlin ag 01 895 1474

An Phríomh Oifig Staidrimh, Campas Gnó Sord, Bóthar Bhaile Anraí, Sord, Co Bhaile Átha Cliath.

Fiosrúcháin Daonáirimh: 01 895 1460/61/63/66

Facs: 01 895 1399

Ríomh-Phost: [census@cso.ie](mailto:census@cso.ie)

Idirlíon: [www.cso.ie](http://www.cso.ie)

Tá tuilleadh eolais maidir le Daonáireamh 2011 ar fáil ar [www.census.ie](http://www.census.ie)